

NUACHTLITIR EALAÍN NA GAELTACHTA



Fáilte chuig Nuachtlitir míosúil Ealaín na Gaeltachta

Nuacht

Fáiltíonn Ealaín na Gaeltachta roimh allúntas breise d'ealaíontóirí agus d'óige na Gaeltachta

Cuireann Ealaín na Gaeltachta fáilte roimh fhógra an Aire Catherine Martin, T.D., agus an tAire Stáit Jack Chambers, maidir le hallúntas breise €250,000, atá curtha ar fáil d'Ealaín na Gaeltachta chun sparánachtaí a bhronnadh ar ealaíontóirí Gaeltachta agus chun na healaíona a chur chun cinn i scoileanna Gaeltachta.



Dúirt Siubhán Nic Grianna, Cathaoirleach Ealaín na Gaeltachta, “Tá ealaíon agus ealaíontóirí i gcroílár chultúir bhríomhar na Gaeltachta. Agus luach na n-ealaíon agus an chultúir ar ár súile anois níos mó ná riamh, tabharfaidh an maoiniú seo tacaíocht riachtanach d’ár n-ealaíontóirí, agus d’óige na Gaeltachta dul i ngleic le na healaíon ag an am dúshlánach seo.”

Tá síniú ama go dtí an **4 Lúnasa** d’ealaíontóirí Gaeltachta le hiarratas a dhéanamh ar Scéim Sparánacht sna hEalaíon.



An Roinn Cultúir,
Oidhreacht agus Gaeltachta
Department of Culture,
Heritage and the Gaeltacht



Nuacht

Fógra Poist: Oifigeach Cúnta

(Conradh 2 bhliain)

Tá Ealaín (na Gaeltachta) Teo., ag tairiscint post mar oifigeach cúnta ar chonradh dhá bhliain. Beidh an té a cheapfar lonnaithe in Ard Oifig Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe agus beidh sé de chúram air / uirthi tacú leis an chlár oibre ealaíon atá a chur i bhfeidhm ag Ealaín (na Gaeltachta) Teo., cheana féin.



Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine le taithí agus cumas chun na dualgais seo a leanas a bhaint amach:

- Tacaíocht a chur ar fáil le cur i bhfeidhm an clár Cuisle agus eagrú imeachtaí don óige
- Sceidealú, clárú agus eagrú ranganna do dhaoine óga i scoileanna agus ionaid éagsúla i nGaeltacht Chonamara agus Árann
- Cabhair agus tacaíocht le scéimeanna, imeachtaí agus tionscadail
- Fógraíocht, Poiblíocht agus na meáin shóisialta a choinneáil suas chun dáta
- Bunachair shonraí & córais inmheánacha a choinneáil suas chun dáta

Tá sonraí poist ar fáil ach teagmháil a dhéanamh le Ealaín (na Gaeltachta) Teo.,

Teil.: (074) 9560100

R-phost: ealain@udaras.ie

Íocfar tuarastal de réir cáilíochtaí agus taithí.

Seol iarratas mar aon le CV, chuig: Feidhmeannach Forbartha na nEalaíon, Ealaín na Gaeltachta Teo., Údarás na Gaeltachta, Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair, Na Doirí Beaga, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall roimh 4.00 i.n. ar an **Lúain 10ú Lúnasa 2020.**

Nuacht

Leabharlann soghluaiste ealaíona

Seolfar 'lontais an tSaoil' le Cúl an Tí, leabharlann soghluaiste ealaín le ealaíontóirí Chonamara.

Bígí ann Dé Domhnaigh 3 Lúnasa i gCeardlann an Spidéil.




Ceardlanna Ealaíona ar líne



Tá an t-ealaíontóir Deirdre Ní Bhraonáin i mbun ranganna agus tá an tríú ceardlann ealaíne beo ar [YouTube](#) anois!

Faigh amach cé mar is féidir crainn a tharraingt agus péinteanna uiscédhath a úsáid

Fíbín




An chéad dráma tiomáin-isteach in Éirinn!! Beidh an chéad léiriú domhanda de FIACH, dráma nua le Philip Doherty, á stáitsiú sa tréimhse géarchéime seo, i ndomhan atá iompaithe bun os cionn agus é cruthaithe go speisialta, d'Aois na Paindéime. Amharclannaíocht beo.

Cén fáth nach dtabharfaidh tú do charr ar ais go Fíbín, i mBaile na hAbhann ón **12ú-22ú Lúnasa** chun taithí a fháil ar #fiach
Faigh do thicéad anseo ar [Eventbrite](#).

Nuacht

Fuaim – Ón Bhosca Dubh

Sraith úr ceoia chur árlíne "Fuaim – ón bhosca dubh". Beidh LIGID Léiriúcháin ag cur físeán amach go rialta atá taifeadta cheanna féin nó taifead úrnua againn. Ag dul siar ar bhoithhrín na smaointe chuig 'An Fhéile Chraiceáilte' le Bréag a bhí i nGaoth Dobhair 20 bliain ó shin, ceolchoirm Hazel O Connor i Ionad Cois Locha. Moya Brennan agus Cormac de Barra i Amharclann Ghaoth Dobhair, Seisiún i Teach Hudi beag agus go leor eile.



Sraith beochraolta d'amhráin Ghaeilge do ghasúir



Beidh an t-amhránaí Lasairfhiona Ní Chonaola, as Inis Oírr Árann ag reachtáil sraith beochraolta d'amhráin Ghaeilge do ghasúir ar FaceBook ag 12:30 i.n. gach Domhnach i rith an tSamhraidh. Amhránaí ar an sean-nós clúiteach í Lasairfhiona, atá ag gabhail fhoinn ó bhí sí an-óg. Cuireann sí a snas

féin ar na hamhráin ar an sean-nós, chomh maith le bheith ag cumadh a cuid amhráin féin. Is cúis mhór áthais dhi gur bhronn an Chomhairle Ealaíon maoiniú ar an tionscamh seo.

féin ar na hamhráin ar an sean-nós, chomh maith le bheith ag cumadh a cuid amhráin féin. Is cúis mhór áthais dhi gur bhronn an Chomhairle Ealaíon maoiniú ar an tionscamh seo.

Beidh siad á gcraoladh ar leathanach Facebook [@Aransinger1](https://www.facebook.com/Aransinger1/)

<https://www.facebook.com/Aransinger1/>

Nuacht

Ceardlanna, Altanna Eolais

Tá fáil mhaith ar imeachtaí ealaíona, ceardlanna agus achmhainní ar-líne i rith na hama seo.

Tá acmhainní agus eolas a scaipeadh go rialta ag Theatre Forum, An Chomhairle Ealaíon, NCFA, Minding Creative Minds. Tá na himeachtaí seo agus gach eolas fúthu le fáil thríd a gcuid leathanaigh Facebook nó an suíomh, déan cliceáil thíos.

- An Chomhairle Ealaíon



Arts During Lockdown

National Survey June 2020

- NCFA



- Theatre Forum

Reopening Arts Centres Guidelines

Supporting arts centres, galleries and theatres as they work towards reopening safely

- Pobal



Céimeanna le hathoscailt

- Minding Creative Minds



- MyWelfare.ie

COVID-19 Pandemic
Unemployment Payment
Information



Na hIonaid

Ag leanúint don treoir atá eisithe ag an Rialtas agus na húdaráis Sláinte Poiblí, tá na hIonaid Ealaíona Gaeltachta ag oscailt de réir a chéile. Tá go leor obair ar na bacáin acu sna hionaid agus ar líne – coinnigí súil ghearr ar a gcuid leathanaigh Facebook.

An tIonad Cultúrtha, Baile Mhúirne



Amharclann Ghaith Dobhair



An Gailearaí, Gaoth Dobhair




Áras Éanna, Inis Oírr



Ceolchoirmeacha beo ar-líne gach Déardaoin ar Facebook

Áras Inis Gluaire



[illegible][illegible]

Deiseanna Eile

An Chomhairle Ealaíon

Coinnigh do shúil amach do Scéimeanna Maoinaithe an Chomhairle Ealaíona ag an nasc thíos.

Nuachtlitir na Comhairle Ealaíon

Maoiniú atá ar fáil faoi láthair:



- Maoiniú Cobhsaithe Éigeandála: 13 Lúnasa 2020
- Scéim na nEalaíontóirí sa Phobal: 17 Lúnasa 2020
- Scéim Rannpháirtíochta san Ailtireacht: 20 Lúnasa 2020
- Scéim na scríbhneoirí sna scoileanna: Leanúnach



Éigse Éireann

Deiseanna oiliúna, cúrsaí, comórtais, dámhachtainí, glaonna ar aighneachtaí, cónaitheachtaí agus deiseanna d'fhilí.

Tá gach eolas fúthu ar shuíomh Éigse Éireann.

www.poetryireland.ie



Create Éireann – Spriocdhátaí Athruithe

Scéim Ealaíontóir sa Phobal:

Babhta 2 – Athbhunaíodh maoiniú don Scéim Ealaíontóra sa Phobal, Spriocdháa: 28 Meán Fomhair 2020

Acmhainní agus eolas ar fáil chomh maith ar www.create.ie



Deiseanna Eile

Visual Artists Ireland

Tá deiseanna agus acmhainní forbartha le fáil ar shuíomh Visual Artists Ireland d'fhís ealaíontóirí agus is fiú chomh maith súil a choinneáil ar na cúrsaí agus na fóraim ar-líne a bhíonn á reáchtáil acu ó am go chéile.

Téigh chuig a suíomh: www.visualartists.ie

Oileán AiR (Cónaitheacht Ealaíontóirí)

Clár cónaitheachta shóisialta agus taighde ealaíona d'ealaíontóirí le suim i nGaeilge nó atá ag obair trí Ghaeilge. Is é an spriochdáta le haghaidh iarratais ná an **10ú**

Lughnasa 2020.

Cuirfear an méid seo a leanas ar fáil do ghach ealaíontóir rannpháirteach; seomra príobháideach ag Éirí na Gréine. úsáid spáis i stiúidíó príobheadach, sparántacht €2,000 buiséid beag taistil

Cláraigh **Anseo!**

Le haghaidh breis eolas maidir le do iarratas seol ríomhphost chuig: ruairiodonovan@gmail.com

Public Art

Eolas ar dheiseanna coimisiúin faoin Scéim Céatadán don Ealaíon le n-aimsíú ar an suíomh www.publicart.ie

Ná deanaigí dearmad teagmháil a dhéanamh linn ag ealain@udaras.ie má tá aon bhlúirín eolais agaibh ar mhaith libh a fhógairt nó má tá aon chomhairle uait maidir le tionscnamh ealaíne a fhorbairt sa Ghaeltacht



Eolas Fúinn



Micheál Ó Fearraigh
Feidhmeannach Forbartha Ealaíona
r/p: m.fearraigh@udaras.ie
t: +353 (0)74 95 60100



Muireann Ní Dhroighneáin
Áisitheoir Ealaíona Connacht/Laighean
r/p: m.nidhroighneain@udaras.ie
t: +353 (0)91 503 100



Rachel Holstead
Áisitheoir Ealaíona Mumhan
r/p: r.holstead@udaras.ie
t: +353 (0)66-9150100



Danielle Nic Pháidín
Áisitheoir Ealaíona Thír Chonaill
r/p: d.nicphaidin@udaras.ie
t: +353 (0)74 95 60100



Elaine Scahill
Comhordaitheoir Clár na hEalaíona
Dúchasacha don Óige
r/p: e.scahill@udaras.ie
t: +353 (0)91 503 100



An Roinn
Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta
Department of
Culture, Heritage and the Gaeltacht

